## Ceacht a Trí ~ Daonáireamh 2006

### Téama
DAONÁIREAMH Eolas Maidir linn

### Cuspóirí
Go gcuirfear ar chumas an pháiste:
- labhairt faoin tuiscint atá aige/aici ar an Daonáireamh
- taispeáint go dtuigeann sé/sí cén fath a mbailítear sonraí
- léiriú go bhfuil sé/sí ar an eolas maidir leis an daonáireamh a bheidh ann ar an 23 Aibreán 2006
- taispeáint go dtuigeann sé/sí an próiseas a bhaineann le sonraí a bhailiú
- páirt a ghlacadh i bpróiseas bailiúcháin sonraí ag leibhéal ranga
- sonraí ranga a léiriú agus a mhíniú ag baint úsáide as léaráidí Cearúil, picteagraim, blocghraif…

### Tascanna
- Dul siar ar phríomhtheachtaireachtaí ó cheachtanna 1 agus 2
- Daonáireamh ranga
  Gníomhaíocht don rang ar fad – An fhoirm a dhearadh
  Gníomhaíocht a 1 An Fhoirm a chomhlánú
  Gníomhaíocht a 2 Do dhaonra samplach a sheiceáil
  Gníomhaíocht a 3 Léaráid Chearúil a úsáid leis na sonraí a léiriú
  Gníomhaíocht a 4 Blocghraf a úsáid le sonraí a léiriú

### Measúnú
- Tabharfaidh na páistí chun cuimhne, ós ard, na príomhtheachtaireachtaí ó Cheacht a 2
- Taispéanfaidh na páistí go bhfuil siad ag éirí níos cumasaí agus foclóir an Daonáirimh á úsáid acu don díospóireacht ranga
- Taispeánfaidh na páistí an tuiscint atá acu ar phróiséas an Daonáirimh trí fhoirm chuí a dhearadh do Dhaonáireamh ranga
- Taispeánfaidh na páistí an tuiscint atá acu ar Léaráid Chearúil mar mhodh le sonraí a léiriú tríd é a chomhlánú mar is ceart agus trí cheisteanna bunaithe ar na sonraí a fhreagairt
- Taispeánfaidh na páistí an tuiscint atá acu ar shonraí a léiriú trí bhlocghraif aonair a chomhlánú bunaithe ar shonraí ranga.

### Naisc Bhaile/Scoile
Breathnú ar an mbealach a léiríonn graif eolas dúinn. Taispeánann na páistí a ngraif sa bhaile agus cuireann siad ceist sa bhaile an bhfaca aon duine graif le seachtain anuas. D'fhéadfaí samplaí simplí a ghearradh amach agus a phlé.

### Príomhtheachtaireachtaí
- Foinse eolais é daonáireamh ranga.
- Is féidir daonáireamh ranga a dhearadh le firicí agus figiúirí a sholáthar (staitisticí) ar mhaithe le pleanáil sa scoil.
- Sonra nó píosa eolais é staitistic a fhaightear ó staidéar a dhéanamh ar chuid mhór sonraí.
- Is féidir sonraí a léiriú ar bhealaí éagsúla mar shampla, Léaráid Chearúil agus blocghraf.

### Teastóidh
- Luas Cártaí Daonáirimh J 3.1
- Foirm Bhán don Daonáireamh Ranga J 3.2
- Foirm Shamplach don Daonáireamh Ranga J 3.3
- Patrún den Léaráid Chearúil J 3.4
- Patrún den Bhlocghraf – as láthair ón scoil J 3.5

### Foclóir
*Daonáireamh, áiritheoir, rialtas, ceann an teaghlaigh, bailigh, ceist, eolas, foirm, iarr, Dé Domhnaigh, Aibreán, daonra, aois, seoladh, fireann, baineann, comhairigh, tír.*
*Dul siar ar an bhfoclóir a bhaineann le comparáidí: níos airde/níos ísle, níos mó/níos lú, is mó/is lú &rl.*
*Staitisticí, sonraí*

### Comhthathú agus Nascáil
**Matamaitic:** Comhaireamh agus uimhriúil, comparáidí agus ordú a dhéanamh agus úsáid a bhaint as luach áite
**Gaeilge:** Cineál scríbhneoireachta - foirm a chomhlánú
**Eolaíocht:** Rudaí Beo: Éagsúlacht agus tréithe nithe beo - Inscine

### Pointí airde don mhúinteoir

Déan nóta den úsáid a bhaineann na páistí as foclóir agus iad ag obair. Cuir ceisteanna orthu a spreagann iad leis an bhfoclóir a úsáid ar bhealach ciallmhar agus déan nóta d'aon pháistí gur cosúil nach dtuigeann siad a bhfuil ag tarlú.

Déan nóta go háirid de na páistí a léiríonn scileanna maithe grúpoibre mar shampla a bheith ag éisteacht go gníomhach agus freisin de na páistí nach bhfuil gníomhach go leanúnach – is féidir an t-eolas seo a úsáid mar threoir d'eagrú ghrúpa amach anseo.

# Nótaí an Mhúinteora – Ceacht a 3

## Tús Béil/Intinne

Déan na scileanna comhairimh a chleachtadh le comhaireamh rithime, bualadh bos / comhaireamh buailte … Comhaireann na páistí chun tosaigh, ar gcúl, ó phointí éagsúla túis go pointí éagsúla stoptha mar shampla, ag comhaireamh chun tosaigh ó 12 go 22 i mbeirteanna, i gceathaireanna; ag comhaireamh ar gcúl ó 28 go 16 i mbeirteanna, i gceathaireanna &rl……

Dul siar ar phríomhtheachtaireachtaí ó Cheacht a 2 – Céard is cuimhin linn

- Áireamh oifigiúil ar dhaonra na tíre é Daonáireamh
- Tógtar daonáireamh oifigiúil i mbeagnach gach tír uair amháin gach cúig nó deich mbliana
- Tá gach céim sa phróiseas bailiúcháin sonraí tábhachtach le go n-éireoidh go maith leis an áireamh.
- Is féidir sonraí a chur in iúl i bhfoirm ghraif, léaráidí nó phictiúirí chomh maith le bheith i bhfoirm thuairisce.

## *Plé agus Díospóireacht*

Téigh siar ar na príomh phointí a clúdaíodh i gCeachtanna a hAon agus a Dó ag breathnú ar na luas cártaí mar chluiche achainí chiorclach, ag canadh Amhrán an Daonáirimh agus ag breathnú arís ar chiorcal an Daonáirimh ón gcairt. Tá Luas Cártaí ar fáil mar J 3.1

## Babhta tobsmaointe

Bain úsáid as grianghraf de na páistí sa seomra ranga le díospóireacht maidir leis an seomra ranga a thosú agus cuir na ceisteanna seo a leanas. Cé mhéid páistí atá sa seomra ranga? An bhfuil na páistí ar fad sa rang céanna? An féidir cur síos a dhéanamh ar na páistí sa seomra ranga, mar shampla líon na mbuachaillí/na gcailíní; cé as iad na páistí atá ag freastal ar an scoil – ón mbaile mór/ón tuath; cén chaoi a dtaistealaíonn na páistí chun na scoile…

**Ar chuala aon duine an focal staitisticí cheana? Déan roghanna éagsúla a phlé agus treoraigh na páistí chuig an tuiscint gur *píosaí eolais a fhaightear ó staidéar a dhéanamh ar chuid mhór sonraí* iad staitisticí, mar shampla tá tríocha páiste in ár rang agus tá gruaig rua ar cheathrar acu – tá gruaig rua ar cheathrar as tríocha páiste i rang a dó i scoil Naomh Mhuire (sin staitistic). Iarr ar na páistí staitisticí eile atá soiléir agus simplí a ainmniú ag baint úsáide as an leid – *Tá 30 páiste in ár rang agus tá ……..ag ……..***

## Gníomhaíocht don rang iomlán – An fhoirm a dhearadh

Scríobh an focal Daonra ar an gclárdubh – déan gach litir a phlé leis an gcoincheap atá taobh thiar den daonáireamh a mhíniú

~ D – Daonáireamh
~ A – Aibreán, 23ú 2006
~ O – Oíche Dé Domhnaigh
~ N – Neart eolais atá
~ R – Riachtanach leis an lá
~ A – Amárach a phleanáil

- Déan tagairt do phóstaeir an daonáirimh atá croctha agus a dhearaigh / a dhathaigh na páistí iad féin

- Iarr ar na páistí oibriú i mbeirteanna le plé a dhéanamh ar na ceisteanna go bhféadfaí a chur ar an bhfoirm, mar shampla, ainm, seoladh, aois, mí a mbreithlae … D'fhéadfaí na ceannteidil seo a scríobh ar an gclárdubh/bán don rang le n-aontú orthu. D'fhéadfaí ansin é seo a úsáid mar bhunús le heolas cuí a bhailiú maidir lena rang féin. D'fhéadfaí é a chríochnú ar fhoirm shamplach daonáirimh J 3.3

- Is féidir na foirmeacha a dháileadh ar na páistí mar dhráma beag le Áiritheoir an daonáirimh ag dáileadh na bhfoirmeacha daonáirimh ar na páistí agus ag cuidiú le haon cheisteanna atá ag na páistí. Inseoidh an tÁiritheoir freisin do na páistí cén dáta a bheidh Daonáireamh an Ranga á thógáil. (D'fhéadfadh an múinteoir áit an Áiritheora a thógáil nó b'fhéidir páiste níos sine ó rang níos airde atá freisin ag plé leis an Daonáireamh – bheadh sé seo feiliúnach go háirid nuair atá níos mó ná rang amháin sa seomra céanna).

- Ansin breathnaíonn na páistí ar na foirmeacha ina mbeirteanna le smaoineamh faoin mbealach a dhéanfaidh siad iad a chomhlánú agus na ceisteanna a fhreagairt i gceart.

### Don rang iomlán tar éis gach gníomhaíocht

Déanann na páistí an ghníomhaíocht a phlé agus déanann siad moltaí maidir leis an gcéad chéim eile a chur i gcrích. Is deis iontach í seo le measúnú a dhéanamh ar chumas na bpáistí coincheap an daonáirimh a thuiscint chomh maith leis na próisis mhatamaiticiúla atá mar bhunús le tasc a chur i gcrích nó fadhb a réiteach (breathnaigh ar an liosta scileanna ar leathanaigh 7 agus 8 de ghníomhaíochtaí Daonáirimh 2006).
Má bhíonn roinnt míthuiscintí ann is féidir déileáil leo ag tús na chéad ghníomhaíochta eile mar chuid den bhabhta tobsmaointe.

### Gníomhaíocht a 1 – An fhoirm a chomhlánú

- Ar lá an Daonáirimh Ranga, tabharfar deis do na páistí na foirmeacha a chomhlánú i rith an lae. D'fhéadfaí an ceacht scríbhneoireachta fíorasach seo a chur i gcrích i gcúinne/áit faoi leith atá leagtha amach do scríbhneoireacht an daonáirimh. D'fhéadfaí an áit a mhaisiú le póstaeir an daonáirimh a rinne na páistí agus le cártaí eolais maidir leis an daonáireamh. D'fhéadfaí pinn, pinn luaidhe, scriosáin, páipéar, foirmeacha breise daonáirimh agus clúdaigh litreacha a sholáthar freisin ag an mbord scríbhneoireachta don daonáireamh.

- Nuair atá foirmeacha an daonáirimh comhlánaithe mar is cuí ag na páistí cuirtear in áit sabháilte iad go dtí go dtagann áiritheoir/bailitheoir an daonáirimh len iad a bhailiú ar an lá atá leagtha síos.

- Is féidir ansin leis an múinteoir plé a dhéanamh leis na páistí ar na bealaí go bhféadfaí an tsraith sonraí a bailíodh sa Daonáireamh Ranga a úsáid.

### Gníomhaíocht a 2 – An Daonra samplach a seiceáil

- Áireamh oifigiúil de dhaonra na tíre atá i gceist leis an daonáireamh náisiúnta agus mar sin ní mór mar chéad tasc don daonáireamh ranga fáil amach cé mhéid daoine atá i láthair/as láthair ón scoil Lá an Daonáirimh, is é sin áireamh oifigiúil de dhaonra an tseomra ranga.

- Is féidir cártaí ainm a dháileadh ar na páistí. Is féidir ansin leis an múinteoir foirmeacha an daonáirimh a úsáid le fáil amach cé atá i láthair/as láthair. Is féidir an méid páistí atá i láthair/as láthair a thaifead ar an gclárdubh/ar chairt.

### Gníomhaíocht a 3 – Fireann nó baineann? Ag baint úsáide as Léaráid Chearúil le sonraí a chur i gcomparáid

Taispeánann an cheist maidir le hinscne sampla conas is féidir freagraí ar aon cheist amháin a léiriú ar go leor bealaí.

- Comhairigh líon na bhfireannach/na mbaineannach sa seomra ranga. Arís, is féidir úsáid a bhaint as ábhair choincréite, mar shampla ciúbanna ildaite le blocghraf a dhéanamh.
- Is féidir freisin líon na bpáistí i láthair/as láthair lá an daonáirimh ranga a chomhaireamh.

Beidh sonraí ar fáil ón ngníomhaíocht seo le comparáidí a dhéanamh ag baint úsáide as Léaráid Chearúil.

- Is féidir an dá chineál sonraí, is iad sin tinreamh agus inscne a léiriú i bhfoirm léaráide ar an léaráid Chearúil. Baintear úsáid as an gcineál seo léaráide le dhá thréith a léiriú.

- Taispeáin cairt do na páistí leis an léaráid Chearúil folamh J 3.4 air (D'fhéadfaí é seo a dhéanamh mór go A2 nó A3) agus déan plé ar na rudaí gur cheart a chur i ngach bosca.

- Is féidir ansin leis na páistí a gcártaí ainm a leagan ar an léaráid Chearúil, mar shampla

| | Buachaillí | Cailíní |
|---|---|---|
| I láthair | Martin Patrick<br>Séan Ronan<br>Paul<br>Kevin John<br>Joe Noel | Ann Janet<br>Pauline Karen<br>Sinéad<br>Jennifer<br>Mary |
| As láthair | Seamus Pat<br>Cathal<br>Michael | Brenda Sheila<br>Margaret<br>Deirdre Fiona |

- Nuair atá an léaráid Chearúil déanta is féidir leis an múinteoir ceisteanna a chur maidir le sraith sonraí, mar shampla, Cé mhéid buachaillí a bhí i láthair Lá an Daonáirimh? Cé mhéid páistí a bhí i láthair/as láthair Lá an Daonáirimh? An raibh níos mó buachaillí ná cailíní as láthair Lá an Daonáirimh? Cé mhéid níos mó cailíní ná buachaillí a bhí as láthair Lá an Daonáirimh?

- Is féidir na páistí a spreagadh freisin le ceisteanna a chur bunaithe ar an eolas léirithe sa léaráid Chearúil.

### Gníomhaíocht a 4 – Ag baint úsáide as picteagram nó blocghraf le sonraí a thaifead

D'fhéadfaí staidéar eile maidir le tinreamh a dhéanamh agus líon na mbuachaillí agus na gcailíní a bhíonn as láthair gach lá de sheachtain an Daonáirimh a thaifead agus na torthaí a chur i gcomparáid. D'fhéadfaí na sonraí seo a léiriú i bpicteagram nó ar bhlocghraf J 3.5 ag baint úsáide as na teicnicí thuasluaite, is iad sin cártaí ainm a chur in áit, páistí a chomhaireamh nuair a sheasann siad &rl.

- Ag deireadh na seachtaine d'fhéadfaí na sonraí seo a scrúdú agus a phlé, mar shampla

- ~ Cé mhéid buachaillí a bhí as láthair ar an Luan?
- ~ Cé mhéid cailíní a bhí as láthair ar an Máirt?
- ~ An raibh aon lá ann sa tseachtain nuair nach raibh duine ar bith as láthair?
- ~ Cé mhéid cailíní go hiomlán a bhí as láthair i rith na seachtaine? comhairimis
- ~ Cé mhéid buachaillí go hiomlán a bhí as láthair i rith na seachtaine? comhairimis.
- ~ An raibh níos mó buachaillí ná cailíní as láthair?

- Nó, d'fhéadfadh an múinteoir an picteagram a úsáid don líon iomlán a bhí as láthair in áit a bheith ag díriú ar shraith buachaillí agus ar shraith cailíní.

## Obair bhreise

Ag baint úsáide as na sonraí bailithe ón daonáireamh ranga coinnigh an chairt ar an mballa agus is féidir gníomhaíochtaí a scríobh ar an gclár dubh/bán cúpla babhta sa tseachtain dóibh siúd a chríochnaíonn níos tuisce nó le hobair bhreise a sholáthar do na daltaí atá níos cumasaí. Is féidir le páistí atá ag obair i ngrúpaí beaga iarracht a dhéanamh teacht suas le bealaí le sonraí a thaifead agus le linn seisiúin don rang iomlán is féidir na moltaí sin a scrúdú agus triail a bhaint astu. Scil riachtanach é seo (éisteacht le agus plé a dhéanamh ar do chuid oibre matamaiticiúil féin agus obair na bpáistí eile).

## Naisc bhaile/scoile

Tugann na páistí abhaile na foirmeacha comhlánaithe le plé lena dtuismitheoirí/gcaomhnóirí. D'fhéadfadh siad iarraidh orthu siúd sa bhaile an bhfaca siad aon ghraif le déanaí ar an teilifís nó sa nuachtán agus na graif sin a thabhairt chun na scoile le díospóireacht simplí a thosú. Bíonn cairteacha pí a bhaineann le roghanna is fearr le daoine go minic sna nuachtáin agus bheadh siad seo an-úsáideach sa chomhthéacs seo.

| |
|---|
| Daonáireamh |
| Áireamh |
| tír |
| Gach duine |

| |
|---|
| ceist |
| eolas |
| daoine |
| foirm |

| |
|---|
| bailigh |
| dáiligh |
| fireann |
| baineann |

| |
|---|
| seoladh |
| dáta |
| Dé Domhnaigh |
| 23 Aibreán |

# Foirm don Daonáireamh Ranga

# Foirm don Daonáireamh Ranga

Ainm: ..........................................................................................

An buachaill nó cailín thú? ..........................................................

Cén mhí a rugadh thú? ..................................................

Cén aois thú? ..................................................

Cén dath atá ar do shúile? ..........................................................

Cén dath atá ar do ghruaig? ..........................................................

Cá bhfuil tú i do chónaí?

Sa bhaile mór ☐ Faoin tuath ☐

Cén chaoi a dtéann tú chun na scoile?

Ag siúl ☐ Rothar ☐ Bus ☐ Carr ☐

Eile ..........................................................

| | Buachaillí | Cailíní |
|---|---|---|
| Ar Scoil | | |
| As láthair | | |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | |
| Buachaillí | Cailíní | Buachaillí | Cailíní | Buachaillí | Cailíní | Buachaillí | Cailíní | Buachaillí | Cailíní |
| Dé Luain | | Dé Máirt | | Dé Céadaoin | | Déardaoin | | Dé hAoine | |
| As láthair ón scoil | | | | | | | | | |